Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2026
(OR. en)

15597/26

JEUN 249
HYBRID 137
DISINFO 92
AUDIO 133
EDUC 446
AG 182
JAI 1407
FREMP 346
SOC 731
TELECOM 541
COMPET 1329
DIGIT 296

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le daoine óga a chumhachtú i dtimpeallacht faisnéise atá ag athrú

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an seisiún a bhí aici an 19 Samhain 2026.

IARSCRÍBHINN

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát
ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle
maidir le daoine óga a chumhachtú i dtimpeallacht faisnéise atá ag athrú

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS:

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ ACU:

1. Leis an Rún maidir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, lena n-áirítear Iarscríbhinn 1 (Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg)[1] agus Iarscríbhinn 3 (Spriocanna Eorpacha don Óige), cuirtear chun cinn rannpháirtíocht fheabhsaithe daoine óga i bpróisis chinnteoireachta agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé daoine óga ó chúlraí éagsúla a rannpháirtiú. Trína trí phríomhcholún – an rannpháirtíocht, an nascadh agus an cumhachtú — leagtar béim sa straitéis ar a thábhachtaí atá an rannpháirtíocht fhóinteach, lena gcothaítear comhthuiscint, agus lena dtugtar na hinniúlachtaí agus na deiseanna is gá do dhaoine óga san Eoraip chun rannchuidiú go gníomhach le sochaí athléimneach chuimsitheach.

2. Aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta na cearta atá ag daoine óga rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint, ar chomhionannas deiseanna agus ar chosaint ar idirdhealú, lena dtacaítear le pobail chuimsitheacha athléimneacha a chruthú ina bhfuil daoine óga rannpháirteach go gníomhach agus sábháilte ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de.

---

[1] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 456, 18.12.2018, lgh. 1-22 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A42018Y1218%2801%29

AGUS AN CÚLRA POLAITIÚIL AGUS DLÍTHIÚIL A LEAGTAR AMACH SNA NITHE A LEANAS Á MHEABHRÚ ACU:

3. An Sciath Eorpach don Daonlathas[2], lena gcuirtear i láthair tacar comhleanúnach straitéiseach beart chun daonlathais láidre athléimneacha a chumhachtú, a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an Aontais, lena n-áirítear céimeanna chun feabhas a chur ar chumas comhchoiteann na saoránach ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (ICIEF) agus bréagaisnéis a chomhrac agus athléimneacht na sochaí a neartú trí chur chuige uile-shochaí.

4. Is é is aidhm don Straitéis Eorpach i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK+)[3], do Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh[4] agus na Conclúidí ábhartha ón gComhairle[5], don Phlean Gníomhaíochta in aghaidh na Cibearbhulaíochta[6], agus don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha[7] leanaí agus daoine óga agus a bpríobháideachas, a sábháilteacht, a slándáil, a meabhairshláinte agus a bhfolláine ar líne a chosaint, a chumhachtú agus a urramú, lena n-áirítear trí thionscnaimh atá dírithe ar fheasacht a mhúscailt maidir lena gcearta.

---

2 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: an Sciath Eorpach don Daonlathas: Daonlathais Láidre Athléimneacha a Chumhachtú', JOIN(2025) 791 final, 15387/25 ón gComhairle.

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Cumhachtú digiteach (An chaoi le leanaí a chumhachtú ar bhealach níos fearr maidir le roghanna fónta a dhéanamh ar líne) (BIK+), COM(2022) 212 final, 9071/22.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU strategy on the rights of the child* [Straitéis an Aontais um chearta an linbh], COM(2021) 142 final, 7453/21.

5 Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh (Meitheamh 2022), 10024/22.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Plean gníomhaíochta i gcoinne na cibearbhulaíochta 'Níos sábháilte ar líne, níos láidre le chéile'], COM(2026) 71 final, 6361/26.

7 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj.

5. Creat dlíthiúil láidir an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc[8], an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus a Threoirlínte maidir le mionaoisigh a chosaint[9], an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán[10], an Rialachán maidir le Fógraíocht Pholaitiúil[11] agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga[12], ach gan bheith teoranta dóibh, lena gcuirtear na sásraí is gá ar fáil chun comhlíontacht na ngníomhaithe uile san éiceachóras digiteach a áirithiú.

---

8 Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1) agus Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (IO L 303, 28.11.2018, lgh. 69–92).

9 An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Treoirlínte maidir le bearta chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála ar líne a áirithiú do mhionaoisigh ar líne, de bhun Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 (C(2025) 6826 final), IO C, C/2025/5519, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5519/oj

10 Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj)

11 Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/900/oj)

12 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh, 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (Gníomh um an Intleacht Shaorga) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID A LEANAS:

6. Is ábhair imní atá ag dul i méid agus atá á gcur in iúl go comhsheasmhach ag daoine óga iad an timpeallacht faisnéise atá ag síorathrú agus na dúshláin mhéadaitheacha atá roimh an tsláine faisnéise, a bhfuil tionchar níos leithne ar an tsochaí acu.[13] Tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ó na Ballstáit ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, ón gCoimisiún Eorpach agus ó na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun a áirithiú go mbeidh daoine óga in ann páirt ghníomhach fhóinteach a ghlacadh sa saol daonlathach sibhialta, agus, ar an gcaoi sin, an bonn le sochaí chothrom athléimneach a neartú, lena n-áirítear do na glúnta atá le teacht.

AGUS AN MÉID A LEANAS Á AITHINT ACU:

7. Tá claochlú digiteach na sochaí tar éis athmhúnlú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a nglacann saoránaigh, agus go háirithe daoine óga, páirt sa dioscúrsa poiblí.

8. Tá éiceachóras digiteach ag athrú go tapa, lena n-áirítear i gcomhthéacs na hintleachta saorga (IS) agus theicneolaíochtaí IS, rud a mhúnlaíonn ní hamháin an chaoi a bhfaigheann daoine óga rochtain ar fhaisnéis agus a léirmhíníonn siad í ach freisin an chaoi a dtáirgeann, a léann agus a gcomhroinneann siad faisnéis.

9. Tá sé de cheart ag gach duine óg rochtain a fháil ar fhaisnéis atá cruinn, iontaofa agus fabhrach don óige. Tá ról lárnach ag eagraíochtaí óige[14] agus ag seirbhísí faisnéise don óige chun tacú le daoine óga an ceart sin a fheidhmiú, rud a chothaíonn cultúr na smaointeoireachta criticiúla agus na litearthachta sna meáin a théann chun tairbhe don tsochaí ina hiomláine.

10. Bíonn deiseanna agus dúshláin nua shuntasacha roimh dhaoine óga agus iad ag iarraidh faisnéis a rochtain, a fháil, a léirmhíniú, a chomhroinnt agus a tháirgeadh, ag cur a dtuairimí in iúl agus ag glacadh páirt i ndíospóireacht phoiblí agus dhaonlathach.

---

13 Bárta, O., & Moxon, D. (2025). IAEAO11 Comhdháil Óige an Aontais Eorpaigh in Lublin, an Pholainn. Tuarascáil ar an gComhdháil. Zenodo. https://doi.org/10.5281/zenodo.15118224

14 Chun críoch na gConclúidí seo, meastar gur eagraíochtaí oibre óige agus eagraíochtaí a oibríonn go príomha le daoine óga iad eagraíochtaí óige.

11. Cuireann an timpeallacht faisnéise deiseanna ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta ach nochtar daoine óga d'ábhar míthreorach deighilteach inti, freisin. Is iomchuí, dá bhrí sin, athléimneacht daoine óga a neartú agus tacú lena rannchuidiú gníomhach leis an timpeallacht faisnéise níos leithne a mhúnlú.

12. Tá ról tábhachtach ag struchtúir áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha a thacaíonn le faisnéis don óige, ina measc Comhairlí Náisiúnta don Óige, eagraíochtaí óige, ERYICA, Eurodesk agus Tairseach Eorpach na hÓige, maidir le faisnéis chruinn, iontaofa, fabhrach don óige agus inrochtana a chur chun cinn.

13. D'fhéadfadh ardáin ar líne sásra a chur ar fáil do dhaoine óga freisin a dtuairimí a chur in iúl agus teagmháil a dhéanamh le daoine eile a bhfuil leasanna comhchosúla acu, rud a chuidíonn le daoine óga scileanna sóisialta, muinín agus muintearas a fhorbairt.[15]

14. Is minice anois ná riamh a nochtar daoine óga don chibearbhulaíocht, ar chiapadh ar líne agus ar chineálacha eile iompraíochta díobhálaí ar líne, lena n-áirítear cibirghríosú chun foréigin nó fuatha, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar a bhfolláine, ar a meabhairshláinte, ar a saol sóisialta, ar a rannpháirtíocht dhaonlathach i dtimpeallacht na faisnéise digití agus an bhaint a bhíonn acu léi, go háirithe do chailíní agus do mhná óga a ndéanann gach cineál cibearfhoréigin difear díréireach dóibh.[16]

---

15 An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Treoirlínte maidir le bearta chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála ar líne a áirithiú do mhionaoisigh ar líne, de bhun Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 (C(2025) 6826 final), IO C, C/2025/5519, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5519/oj

16 Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach (Meitheamh 2025), 10430/1/25 REV 1.

15. Ní mór an deis a bheith ag daoine óga na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a fhorbairt, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach, litearthacht meán agus litearthacht intleachta saorga, dul i ngleic go criticiúil le faisnéis ar líne agus iad á rochtain , á léamh, ag iarraidh ciall a bhaint aisti, á roinnt agus á táirgeadh. Dá réir sin, tá na scileanna agus na hinniúlachtaí sin ríthábhachtach chun iad a chosaint agus a chumhachtú sa timpeallacht faisnéise.

16. Tá ról tábhachtach ag an obair óige, ag oibrithe óige, ag eagraíochtaí óige agus ag saineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, amhail seirbhísí faisnéise don óige agus ag na hIonaid d'Idirlíon Níos Sábháilte chun tacú le daoine óga na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a shealbhú agus chun a gcearta a fheidhmiú i dtimpeallacht na faisnéise.

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID A LEANAS:

17. Le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (ICIEF) atá comhordaithe córasach, lena n-áirítear ó ghníomhaithe stáit nó státurraithe áirithe, féachtar leis an mbonn a bhaint de mhuinín daoine óga as institiúidí daonlathacha, an comhtháthú sóisialta a lagú, mearbhall a chur ar dhaoine óga agus deighilt a chothú inár sochaithe. Agus ICIEF, bréagaisnéis agus mífhaisnéis á scaipeadh go spriocdhírithe, baintear leas as leochaileachtaí agus is bagairt shuntasach é ar an sláine faisnéise agus ar an athléimneacht dhaonlathach.

18. D'fhéadfadh imní, dúlagar, féinmheas íseal, uaigneas agus saincheisteanna sláinte nó iompraíochta eile a bheith mar thoradh ar an nochtadh leanúnach do ICIEF, do bhréagaisnéis, do mhífhaisnéis agus do chiapadh ar líne, go háirithe i measc daoine óga.[17]

---

17 Comhairle an Aontais Eorpaigh, Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach (an 20 Meitheamh 2025), 10430/1/25 REV 1; Conclúidí ón gComhairle maidir le neart a chur le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn (an 2 Nollaig 2024), 16366/24.

19. Trí shláine faisnéise a chur chun cinn agus a chosaint, tabharfar de chumhacht do dhaoine óga a gceart a fheidhmiú chun faisnéis a tháirgeadh, rochtain a fháil uirthi, a léamh agus a chomhroinnt, trí chur lena gcumas roghanna eolasacha a dhéanamh, trí nascleanúint a dhéanamh ar an éiceachóras digiteach neamhspleách agus trína smaointeoireacht chriticiúil agus a bhfeasacht shibhialta a neartú.

20. Trí mhuinín daoine óga as institiúidí daonlathacha ar gach leibhéal a mhéadú, is féidir an athléimneacht dhaonlathach a chur chun cinn, an dlúthpháirtíocht a threisiú, rannchuidiú le cothú na síochána, agus díspreagadh, díscor agus an coimhthíos polaitiúil a chosc.

21. Fágann an méadú atá ag teacht ar úsáid na hintleachta saorga agus na dteicneolaíochtaí intleachta saorga go bhfuil gá le coimircí agus formhaoirseacht dhaonna. Tá gá le litearthacht leordhóthanach intleachta saorga i measc úsáideoirí ionas gur féidir leo idirghníomhú leis na córais sin agus iad a úsáid go heiticiúil, go criticiúil, go sábháilte agus go trédhearcach agus feasacht iomlán acu ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar dhaoine óga.

AGUS AN MÉID A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH ACU:

22. Tá cumhacht shuntasach ag an éiceachóras digiteach maidir le dioscúrsa daonlathach, tuairimí an phobail agus rannpháirtíocht shibhialta a mhúnlú i measc shaoránaigh uile na hEorpa.

23. Is uirlisí luachmhara iad an chinnteoireacht fhreagrach agus scileanna smaointeoireachta criticiúla, mar aon leis an litearthacht dhigiteach, an litearthacht meán agus an litearthacht intleachta saorga, chun leathadh na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise a chomhrac trína chur ar chumas daoine óga measúnú criticiúil a dhéanamh ar fhoinse na faisnéise agus, ar an gcaoi sin, a chinntiú nach gcuirfidh ábhar bréagach nó míthreorach an dallamullóg orthu.

24. Dá leagfaí béim ar céard is intleacht mhothúchánach ann agus dá gcuirfí chun cinn í mar chuid den fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, d'fhéadfaí feabhas a chur ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga trí chabhrú leo a n-athléimneacht mhothúchánach a mhéadú, ionbhá a chothú agus caidrimh shóisialta fhiúntacha a chruthú.

25. Tá bacainní ar rannpháirtíocht fhóinteach ar líne fós ann do go leor daoine óga, lena n-áirítear bacainní a eascraíonn as míbhuntáistí socheacnamaíocha, míchumas, rochtain theoranta ar bhonneagar nó easpa bonneagair, agus scileanna neamhleora chun páirt a ghlacadh ar líne.

26. Is ríthábhachtach í an fhoghlaim ar feadh an tsaoil chun cur ar chumas na saoránach, go háirithe daoine óga, leanúint de bheith ag foghlaim faoin timpeallacht faisnéise agus cur lena gcuid scileanna mar fhreagairt ar an athrú teicneolaíoch.

27. Ag Comhdháil Óige an Aontais i mBaile Átha Cliath, an 27-30 Meán Fómhair 2026, rinne daoine óga na moltaí seo a leanas:

1. Spásanna iontaofa don óige a chomhchruthú le haghaidh idirphlé náisiúnta agus Eorpach.

   Ba cheart do Bhallstáit an Aontais leaganacha náisiúnta neartaithe de chreat Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a chruthú, bunaithe ar thosaíochtaí áitiúla don óige agus nasctha le cinnteoireacht náisiúnta agus Eorpach. Ba cheart a áireamh leis sin spásanna rannpháirtíochta comhchruthaithe áitiúla don óige atá buan cuimsitheach, lena n-áiritheofar go mbeidh grúpaí éagsúla daoine óga atá faoi ghannionadaíocht rannpháirteach. Ba cheart do na rialtais náisiúnta agus do na bardais a áirithiú go bhfuil an rannpháirtíocht fóinteach, inrochtana, inbhuanaithe agus go dtacaítear le rannpháirtithe ó thaobh airgid de, trí dhul i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

2. Creat Litearthachta Faisnéise a thabhairt isteach

   Ba cheart don Aontas Creat Litearthachta Faisnéise a thabhairt isteach, lena dtabharfaí de chumhacht do dhaoine óga a mbealach a dhéanamh trí thírdhreach faisnéise an lae inniu, creat arna chruthú ag daoine óga, ag an Aontas agus ag páirtithe leasmhara ábhartha le chéile. Ba cheart don Chreat tacú le daoine óga foinsí iontaofa a aimsiú agus a mheasúnú, claontacht i bhfaisnéis a aithint, tuiscint a fháil ar an gcaoi a sroicheann ábhar ar líne iad, agus cuntasacht a chothú i sásraí tuairiscithe. Ba cheart do pháirtithe leasmhara ábhartha an Creat inrochtana infheidhme a chomhroinnt trí bhealaí éagsúla.

3. Lipéad Cáilíochta Eorpach a bhunú do Sholáthraithe Faisnéise Trédhearcacha agus Fíoraithe

   Lipéad Cáilíochta Eorpach a bhunú, arna eisiúint ag institiúid tríú páirtí neamhspleách ag a bhfuil brainsí náisiúnta, lena soláthraítear táscaire soiléir agus inaitheanta ar sholáthraithe faisnéise fíoraithe, iontaofa, trédhearcacha agus cuntasacha. Is uirlis sábháilteachta é an Lipéad Cáilíochta atá le húsáid ar ardáin na meán chun trédhearcacht na bpróiseas a leanann siad a fhíorú, lena n-áirítear foinsí, úsáid intleachta saorga, cistiú, agus ceartúcháin uathoibrithe téacs a úsáidtear gan formhaoirseacht dhaonna.

4. Sainordú a thabhairt maidir le hardáin dhigiteacha a dhearadh chun leas na ndaoine óga a chur i gcroílár a ndeartha

   Ba cheart don Aontas a áirithiú go mbeidh na hardáin dhigiteacha faoi stiúir na n-úsáideoirí seachas a bheith dírithe ar bhrabús. Tá gá le tuilleadh trédhearcachta maidir leis an ábhar a thaispeántar do dhaoine óga ionas gur féidir leo tuiscint a fháil ar an áit as a dtagann an t-ábhar agus roghanna eolasacha a dhéanamh (e.g. trí réimsí leabaithe lena sainaithnítear foinsí). Tá gá le huirlisí níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe amhail an scrolláil gan teorainn. Ní mór go leabófaí na huirlisí sin sna hardáin agus iad á ndearadh. Ní mór d'ardáin dhigiteacha deiseanna a chur chun cinn do dhaoine óga chun bheith ag plé le chéile lasmuigh de spásanna ar líne.

5. Rialacháin a fhorbairt maidir le halgartaim ardán ar líne chun polarú a laghdú

   Ag tógáil ar an mbeartas atá ann cheana amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, ba cheart don Aontas algartaim mholtóra agus a gcórais rangaithe a chomhrac, gan cinsireacht a dhéanamh ar ábhar é féin. Tugann na halgartaim agus na córais rangaithe sin tús áite d'ábhar gríosaitheach chun rannpháirtíocht úsáideoirí a uasmhéadú. Ina theannta sin, ba cheart do gach ardán bealach níos inrochtana a chur ar fáil d'úsáideoirí chun an chaoi a bhfeidhmíonn a n-algartaim a shaincheapadh, chomh maith le trédhearcacht a sholáthar maidir leis na sonraí a bailíodh.

Ní fhorchuirtear aon cheanglais fhoirmiúla leis na moltaí a mhéid a bhaineann le beartais óige ar na leibhéil ábhartha. Mar sin féin, is féidir leo a bheith ina bhfoinse inspioráide do na Ballstáit agus do na hinstitiúidí Eorpacha.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT:

28. Machnamh a dhéanamh ar chur chuige straitéiseach a fhorbairt ar fud réimsí beartais ábhartha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin chasta a bhaineann le timpeallacht na faisnéise agus chun leanúint de phríomhshruthú na hóige a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga in ullmhú, i gceapadh, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht an chur chuige sin.

29. Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a chur chun cinn mar shásra tábhachtach le haghaidh comhairliúcháin chórasacha le daoine óga, lena n-áirítear maidir lena n-idirghníomhaíocht leis an timpeallacht faisnéise, agus a n-ionchur agus a moltaí a úsáid chun bonn eolais a chur faoi phróisis chinnteoireachta ábhartha agus faoi fhorbairt beartais ábhartha.

30. Aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don ról uathúil atá ag daoine óga mar phiaroideoirí agus mar ambasadóirí, ar féidir leo teagmháil a dhéanamh lena bpiaraí agus tionchar a imirt orthu lasmuigh den fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, chomh maith leis an ról atá ag go leor acu san fhoghlaim idirghlúine.

31. Tacaíocht agus acmhainní a thabhairt d'oideoirí, d'oibrithe óige, agus d'eagraíochtaí don óige, i gcomhar le saineolaithe, teaghlaigh agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, chun modheolaíochtaí agus uirlisí a fhorbairt lena neartaítear athléimneacht daoine óga i gcoinne na bréagaisnéise, na mífhaisnéise agus na hionramhála ar líne d'fhonn iad a chumhachtú agus cabhrú leo cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh[18].

---

18 An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, *Treoirlínte do mhúinteoirí agus oideoirí chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus oiliúint – Nuashonraithe*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026, https://data.europa.eu/doi/10.2766/5220136.

32. Iarrachtaí a neartú chun a áirithiú go dtuigeann daoine óga a gcearta sa timpeallacht faisnéise trí struchtúir áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha a thacaíonn le faisnéis don óige, amhail Comhairlí Náisiúnta don Óige, eagraíochtaí óige, an Ghníomhaireacht Eorpach um Fhaisnéis agus Comhairle don Aos Óg (ERYICA), Eurodesk agus Tairseach Eorpach na hÓige.

33. Idirphlé a spreagadh agus a éascú idir daoine óga, soláthraithe oideachais, oibrithe don óige, eagraíochtaí don óige, tuismitheoirí, teaghlaigh, cúramóirí, caomhnóirí dlíthiúla agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne chun aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus ar na dúshláin a eascraíonn as an timpeallacht faisnéise.

34. Cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn chun cur ar chumas saoránach de gach aois scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt don timpeallacht faisnéise atá ag síorathrú.

35. Leas iomlán a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as cistí, uirlisí comhair agus cláir an Aontais atá ann cheana chun tacú le forbairtí, tionscnaimh agus cineálacha cur chuige a bhaineann le scileanna agus inniúlachtaí don timpeallacht faisnéise atá ag síorathrú.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH,
I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

36. Leanúint de thuairimí agus d'fhaisnéis fhianaisebhunaithe a mhalartú, comhar a éascú agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir leis na gealltanais pholaitiúla agus dhlíthiúla lena bhféachtar le scaipeadh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise a chomhrac, cur i gcoinne na hionramhála agus an chur isteach eachtraigh ar fhaisnéis, agus an athléimneacht dhaonlathach a neartú ar fud na n-aoisghrúpaí uile, go háirithe i measc daoine óga agus lena n-áirítear grúpaí leochaileacha.

37. Feabhas a chur ar eolas agus feasacht an phobail ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus ar phróisis bhréagaisnéise agus mhífhaisnéise, mar shampla, trí thaighde ildisciplíneach, trí shonraí a thiomsú maidir le patrúin tomhaltais faisnéise agus trí ghníomhaíochtaí múscailte feasachta. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí leas a bhaint as na struchtúir atá ann cheana agus brath freisin ar shaineolas na bpáirtithe leasmhara neamhinstitiúideacha amhail an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO)[19] agus an líonra Eorpach seiceálaithe fíricí.

38. Leanúint den smaointeoireacht chriticiúil, tionscnaimh dhigiteacha agus litearthachta sna meáin, eolas ar shláinteachas digiteach[20] agus scileanna agus inniúlachtaí ábhartha eile a theastaíonn ó dhaoine óga, ó oibrithe óige agus ó pháirtithe leasmhara eile a chur chun cinn agus a fhorbairt chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa timpeallacht faisnéise atá ag síorathrú.

---

19 https://edmo.eu/

20 Tagraíonn an téarma 'cibearshláinteachas' do chothromaíocht shláintiúil idir gníomhaíochtaí digiteacha agus gníomhaíochtaí neamhdhigiteacha sa saol laethúil, ag díriú den chuid is mó ar chleachtais iompraíochta ar nós am scáileáin a laghdú agus a bhainistiú go héifeachtach chomh maith leis an tsábháilteacht ar líne a fheabhsú. (Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach (Meitheamh 2025), 10430/1/25 REV 1).

39. Leanúint den litearthacht intleachta saorga a chur chun cinn agus a fhorbairt mar chuid lárnach den litearthacht dhigiteach agus den litearthacht sna meáin i measc daoine óga, oibrithe óige agus páirtithe leasmhara eile, agus tacú leo modheolaíochtaí litearthachta intleachta saorga a fhorbairt i gcomhar le daoine óga agus ar a son.

40. Cur chun feidhme Threoirlínte Nuashonraithe 2026 do mhúinteoirí agus d'oideoirí a chur chun cinn chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis tríd an oideachas agus an oiliúint[21] chomh maith leis an gcreat litearthachta intleachta saorga idir an tAontas agus ECFE don bhunoideachas agus don mheánoideachas[22].

41. Tacú le daoine óga trí eagraíochtaí don óige agus trí chineálacha eile rannpháirtíochta fóintí óige, agus é mar aidhm luachanna agus daonlathas an Aontais Eorpaigh a chothú, agus, i gcás inarb infheidhme, trí chomhairlí náisiúnta don óige, d'fhonn a rannchuidiú gníomhach le ceapadh, cur chun feidhme agus meastóireacht na mbeartas a dhéanann difear dá saol a chumasú. Cur leis na deiseanna atá ann do thionscnaimh faoi stiúir na hóige lena gcuirtear chun cinn luachanna an Aontais Eorpaigh, an dlúthpháirtíocht, an chothroime idirghlúine, an tsaoránacht ghníomhach agus an athléimneacht dhaonlathach.

42. Tacú le hobair óige, oibrithe óige, eagraíochtaí óige, agus seirbhísí faisnéise don óige, agus saineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha eile amhail na hIonaid um Idirlíon Níos Sábháilte ina ról mar sholáthraithe faisnéise agus tacaíochta do dhaoine óga, agus a chur ar a gcumas faisnéis ardcháilíochta atá fabhrach don óige agus inrochtana a scaipeadh chun na hinniúlachtaí is gá a thabhairt do dhaoine óga chun dul i ngleic leis an timpeallacht faisnéise nua-aimseartha.

---

21 An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, *Treoirlínte do mhúinteoirí agus oideoirí chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus oiliúint – Nuashonraithe*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026, https://data.europa.eu/doi/10.2766/5220136.

22 ECFE / an tAontas Eorpach (2026). Foghlaimeoirí a chumhachtú le haghaidh ré na hintleachta saorga: Creat litearthachta intleachta saorga don bhunoideachas agus don mheánoideachas. Foilsitheoireacht ECFE, Páras. https://doi.org/10.1787/65cd27d4-en

43. Leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gclár Erasmus+ agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, chomh maith le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais amhail Clár Eoraip na Cruthaitheachta, an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, chun tacú le tionscadail arb é is aidhm dóibh an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht sna meáin atá ag daoine óga a neartú agus tionscnaimh a fhorbairt chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

44. Éascú ar mhalartú leanúnach dea-chleachtas, taighde agus fianaise maidir le hathléimneacht na hóige i ndáil le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus i ndáil le bréagaisnéis agus mífhaisnéis, idir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile trí na líonraí, struchtúir agus ardáin atá ann cheana[23].

45. Comhar agus comhroinnt eolais chun daoine óga a chumhachtú le dul i ngleic go sábháilte le timpeallacht faisnéise a chur chun cinn i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile.

46. Deiseanna breise a chruthú chun an tSeiceáil Óige a úsáid, a leathnú agus leanúint dá neartú sna próisis reachtacha agus ceaptha beartas agus chun a trédhearcacht a mhéadú.

[23] Amhail Sainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh um Litearthacht sna Meáin.

47. Leanúint d’Idirphlé Beartais fóinteacha leis an Aos Óg a éascú idir daoine óga agus Coimisinéirí maidir le cur chun feidhme na Scéithe Eorpaí don Daonlathas agus na réimsí beartais ábhartha uile a bhaineann le digitiú ár sochaithe agus leanúint d’Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a neartú agus a fhorbairt a thuilleadh mar phríomhshásra le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha na hóige i gceapadh beartas ar leibhéal an Aontais, agus Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí a neartú.

48. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do mhalartú dea-chleachtas maidir le tionscnaimh forbartha pobail, meán digiteach agus litearthachta intleachta saorga agus d’athléimneacht dhaonlathach trí líonraí, struchtúir agus ardáin atá ann cheana.